



An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

Comhairliúchán Poiblí ar an Acht um Thionscal Neodrach

Ábhar an Chomhairliúcháin Phoiblí

Tá tuairimí na bpáirtithe leasmhara á lorg ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) maidir leis an Togra le haghaidh Rialacháin maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras déantúsaíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasacha na hEorpa a neartú, ar a dtugtar an tAcht um Thionscal Neodrach (NZIA), a mhol an Coimisiún Eorpach an 16 Márta 2023.

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach maidir leis an moladh faoin 23 Bealtaine 2023. Déanfaidh DETE ionadaíocht ar Éirinn ag idirbheartaíocht ar mholtaí an Choimisiúin sna míonna amach romhainn agus cabhróidh freagraí ar an gcomhairliúchán le bonn eolais a chur faoin obair atá le déanamh ag an Roinn sa réimse seo.

Cúlra

Tá sé mar aidhm ag an dréacht-Acht um Thionscal Neodrach (NZIA) atá 'beartaithe timpeallacht rialála a chruthú a chuirfidh creat ar fáil do theicneolaíochtaí glan-nialasacha agus atá mar chuid de Cholún 1 de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Neodrach.² Tá NZIA ceaptha chun tacú le méadú a dhéanamh ar acmhainneachtaí agus ar tháirgí déantúsaíochta glan-nialasacha an Aontais, rud a chuideoidh le spriocanna aeráidneodrachta na hEorpa a bhaint amach, poist ghlasa a chruthú agus iomaíochas an Aontais a chaomhnú, go háirithe i bhfianaise *Acht um Laghdú Boilscithe na Stát Aontaithe*. Cuireann NZIA deiseanna eacnamaíochta ar fáil don Eoraip, mar a bhfuiltear ag súil go sroichfidh an margadh domhanda do theicneolaíochtaí tionscal neodrach luach bliantúil de thart ar €600 billiún in aghaidh na bliana faoi 2030.³ Tá an méadú ar an nglacadh le fuinneamh glan agus teicneolaíochtaí glan-nialasacha ríthábhachtach chun cabhrú leis an Aontas a ghealltanais i leith Oiriúnach do 55 a bhaint amach. Comhlánóidh NZIA freisin na hiarrachtaí leanúnacha chun an tionscal a athrú ó bhonn faoi thionscnaimh lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip,⁴ Straitéis Tionsclaíochta an Aontais,⁵ agus an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach.⁶

Tacaíonn an dréacht-NZIA atá beartaithe le hocht dteicneolaíocht straitéiseacha glan-nialasacha atá ar fáil ar bhonn tráchtála nó a rachaidh isteach sa mhargadh go luath agus a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu maidir le méadú tapa chun rannchuidiú le spriocanna dícharbónaithe an Aontais:

1. Teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teirmeacha gréine

¹ An tAcht um Thionscal Neodrach Creat beart chun aistriú neodrach na hEorpa a neartú

² Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Neodrach

³ Peirspictíochtaí Teicneolaíochtaí Fuinnimh IEA 2023

⁴ Comhaontú Glas don Eoraip

⁵ Straitéis thionsclaíoch na hEorpa

⁶ Plean gníomhaíochta nua don gheilleagar ciorclach (CEAP)

2. Gaoth cois cladaigh agus teicneolaíochtaí in-athnuaite amach ón gcósta
3. Cadhnaí / teicneolaíochtaí stórála
4. Teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinneamh geoiteirmeach
5. Leictrileoirí agus cealla breosla
6. Teicneolaíochtaí inbhuanaithe bithgháis/bithmheatáin
7. Teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin (CCS)
8. Teicneolaíochtaí eangaí

Molann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta do léitheoirí cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh a chuireann tuilleadh eolais ar fáil faoin moladh. Tá an Moladh ón gCoimisiún agus na téacsanna a ghabhann leis ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin:

- Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasacha na hEorpa a neartú (An tAcht um Thionscal Neodrach)
https://single-market-economy.ec.europa.eu/document/download/9446a7b1-0220-4b7b-91d2-11b7e27b9278_en
- Iarscríbhinn a ghabhann leis an Acht um Thionscal Neodrach
https://single-market-economy.ec.europa.eu/document/download/7c275bb7-6c8b-41c2-8965-46bf60439651_en
- Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le measúnú ar riachtanais infheistíochta agus maidir le hinfhaighteacht mhaoinithe chun acmhainn déantúsaíochta Theicneolaíocht Ghlan-nialasach an Aontais a neartú
https://single-market-economy.ec.europa.eu/document/download/680f052a-fa6c-4f63-a1ec-c4866fa25a27_en?filename=SWD_2023_68_F1_STAFF_WORKING_PAPER_EN_V4_P1_2629849.PDF
- Fógra ón gCoimisiún Eorpach maidir le NZIA
https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_1665
- Ceisteanna agus Freagraí: An tAcht um Thionscal Neodrach
https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/QANDA_23_1666
- Bileog eolais: An tAcht um Thionscal Neodrach
https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/FS_23_1667
- Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Neodrach
https://commission.europa.eu/document/41514677-9598-4d89-a572-abe21cb037f4_en

Ina theannta sin, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán atá spriocdhírthe ar pháirtithe leasmhara agus atá ar fáil ag [an Acht um Thionscal Neodrach \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/QANDA_23_1666). Beidh comhairliúchán an Choimisiúin ar oscailt go dtí an 19 Bealtaine 2023.

An NZIA

CUSPÓIR

Is é cuspóir NZIA dul i dtreo 40% ar a laghad nó é sin a shroicheadh, i bhfoirm chomhiomlán, de na riachtanais imlonnaithe bhliantúla le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasacha a mhonaraítear san Aontas faoi 2030. Tá sé mar aidhm ag an NZIA é sin a bhaint amach trí:

- Na coinníollacha a bhunú chun an acmhainn monaraíochta a mhéadú.
- Tacú le spriocanna dícharbónaithe 2030 agus slándáil an tsoláthair a chinntiú.
- Rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir le hacmhainn monaraíochta a shuiteáil.
- Timpeallacht rialála a chruthú a shimplíonn agus a bhrostaíonn ceaduithe láithreáin nua táirgthe táirgí teicneolaíochta glan-nialasacha.
- Athléimneacht a mhéadú, slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, agus cineálacha nua agus in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt.

STRUCHTÚR

Tá an NZIA bunaithe ar sheacht gcolún agus tugaimid **cuireadh do fhreagróirí a dtuairimí a chur isteach faoi gach ceann de na ceanteidil sin bunaithe ar ábhar gach colúin.**

Colún 1 - Coinníollacha cumasaithe a shocrú

Molann **NZIA** feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh infheistíochta i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha trí fhaisnéis a fheabhsú, **trí laghdú ar an ualach riaracháin** a bhaineann le tionscadail a chur ar bun agus **trí phróisis deonaithe ceadanna a shimpliú, lena n-áirítear pointe teagmhála aonair a bhunú sna Ballstáit le haghaidh ceadaithe**

Molann NZIA tús áite a thabhairt do **thionscadail Straitéiseacha Neodracha** a mheastar a bheith riachtanach chun athléimneacht agus iomaíochas thionscal an Aontais a threisiú. Is féidir le geallsealbhoirí tionscadail den sórt sin a mholadh agus na Ballstáit lena mbaineann roghnóidh siad iad bunaithe ar an méid a rannchuidíonn siad le hacmhainneacht monaraíochta (comhpháirteanna) teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhéadú, i gcás ina mbraitheann an tAontas go mór ar allmhairí ó thríú tír amháin nó bunaithe ar an méid a chuireann siad le hiomaíochas shlabhra soláthair tionscal glan-nialasach an Aontais. Molann NZIA gur cheart 'stádas tosaíochta' a thabhairt do na Tionscadail Straitéiseacha Neodracha sin ar an leibhéal náisiúnta chun cóireáil mhear riaracháin a áirithiú agus ba cheart go mbainfeadh siad tairbhe as na próisis cheadaithe is tapúla is féidir, i gcomhréir le dlíthe náisiúnta agus AE. D'fhéadfadh tionscadail straitéiseacha glan-nialasacha a bheith ar leas poiblí sáraitheach freisin. Beidh tionscnóirí tionscadail straitéiseacha glan-nialasacha in ann tairbhe a bhaint freisin as comhairle mhaoinithe a eascraíonn as ó Ardán Neodrach na hEorpa. Ina theannta sin, ba cheart caitheamh go práinneach leis na tionscadail sin, más gá, i ngach nós imeachta breithiúnach agus réitithe díospóide.

Colún 2 - Dlús a chur le gabháil CO₂

Molann NZIA **cuspoir de chuid an Aontais acmhainn insteallta bhliantúil 50 milliún tona a bhaint amach i láithreáin stórála straitéiseacha CO₂ san Aontas faoi 2030**, le ranníocaíochtaí comhréireacha ó tháirgeoirí ola agus gáis an Aontais. Leis sin, cuirtear deireadh le bacainn shuntasach ar ghabháil agus stóráil CO₂ a fhorbairt mar réiteach aeráide atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, go háirithe d'earnálacha a bhíonn dian ar fhuinneamh agus ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú.

Colún 3 – Rochtain ar mhargaí a éascú

Chun borradh a chur faoi éagsúlú an tsoláthair le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha, chuirfeadh NZIA de cheangal ar údaráis phoiblí **breithniú a dhéanamh ar chritéir inbhuanaitheachta agus athléimneachta le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha sa soláthar poiblí nó i gceantanna**, chomh maith le **gníomhaíochtaí chun tacú leis an éileamh príobháideach**.

Colún 4 – Scileanna a fheabhsú

Tá sé mar aidhm ag NZIA a áirithiú go mbeidh lucht saothair oilte ar fáil don aistriú chuig fuinneamh glan trí thacú le bunú **Acadaimh Tionscail Neodracha**, gach ceann acu ag díriú ar theicneolaíocht ghlan-nialasach chun cláir uasoiliúna agus athscilithe a sholáthar le tacaíocht agus maoirseacht ó Ardán Neodrach na hEorpa (féach pointe 6 thíos).

Colún 5 – Nuálaíocht a chothú

D'fhágfadh NZIA go mbeadh na Ballstáit in ann **boscaí gainimh rialála** a chur ar bun chun teicneolaíochtaí nuálacha glan-nialasacha a thástáil agus nuálaíocht a spreagadh faoi choinníollacha rialála solúbtha ar feadh tréimhse theoranta ama.

Colún 6 – Ardán Neodrach don Eoraip

Cuidíonn an tArdán seo leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit **gníomhaíocht a chomhordú agus faisnéis a mhalartú**, lena n-áirítear maidir le Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Neodracha. Oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le chéile freisin chun a áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chuspóirí NZIA. Tacóidh Ardán Neodrach na hEorpa leis an **infheistíocht trí riachtanais airgeadais, scrogaill agus dea-chleachtais a shainaitheint do thionscadail** ar fud an Aontais. Cothóidh sé teagmhálacha freisin ar fud earnálacha glan-nialasacha na hEorpa, agus bainfidh sé úsáid ar leith as na Comhghuaillíochtaí Tionsclaíocha atá ann cheana. Beidh ról tábhachtach ag an Ardán freisin maidir le scileanna a fheabhsú trí mhonatóireacht a dhéanamh ar na hAcadaimh Neodracha agus measúnú a dhéanamh ar éileamh agus soláthar lucht saothair ag a mbíonn na tacaíochtaí scileanna atá ag teastáil.

Colún 7 - Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha a Thógáil

Chun an bealach a réiteach chun go nglacfar le teicneolaíochtaí glan-nialasacha ar fud an domhain, foráiltear le NZIA go **bhféadfaidh an tAontas comhoibriú le tíortha atá ar aon intinn** leo agus dul i mbun comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Neodracha a chabhróidh le trádáil agus le hinfeistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha a éagsúlú.

Freagraí Comhairliúcháin

Cuirtear fáilte roimh thuairimí geallsealbhóirí ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tionscal déantúsaíochta, an pobal taighde agus thairis sin ó úsáideoirí deiridh. Iarraimid ar fhreagróirí a bhfreagraí a struchtúrú de réir na seacht gcolún atá leagtha amach thuas, ag freagairt do cheann amháin nó níos mó de na colúin de réir mar is cuí.

Iarrtar tuairimí ó gheallsealbhóirí agus ó pháirtithe leasmhara maidir leis an rialachán atá beartaithe tráth nach déanaí ná **meán lae Dé Máirt an 23 Bealtaine 2023**. Ba chóir aighneachtaí a mharcáil "**Comhairliúchán ar an Acht um Thionscal Neodrach**" agus ba chóir iad a sheoladh ar ríomhphost chuig industrial.policy@enterprise.gov.ie. Is féidir tuilleadh ceisteanna a chur chuig industrial.policy@enterprise.gov.ie freisin.

Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus Foilsiú Aighneachtaí

Foilseoidh an Roinn ar a láithreán gréasáin gach aighneacht a gheofar faoin gcomhairliúchán seo. Tabhair do d'aire freisin go mbeidh faisnéis a chuireann tú ar fáil in aighneachtaí faoi réir a scaoilte ag an Roinn faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Agus iad ag freagairt don chomhairliúchán poiblí seo, ba cheart do gach duine aonair agus eagraíocht a chur in iúl go soiléir na háiteanna ina mbíonn **faisnéis phearsanta, faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála** de nó **faisnéis rúnda** nach mian leo a bheith á cur ar fáil go poiblí trína foilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne nó trína scaoileadh ag an Roinn de bhun Iarratas Saorála Faisnéise a fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go bhfoilseofar **d'ainm agus do sheoladh agus sonraí eile amháin d'eagraíocht ionadaíoch nó aon fhaisnéis eile a chuireann tú ar fáil i d'aighneacht ar shuíomh gréasáin na Roinne mura n-iarrann tú go sonrach go ndéanfar na sonraí sin a chur in eagar nó a bhaint.**

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm in Éirinn an 25 Bealtaine 2018 agus thug sé cearta agus cosaintí breise do dhaoine aonair maidir lena gcuid sonraí pearsanta. Cé go bhfuil an RGCS infheidhme go díreach mar dhlí i ngach Ballstát den AE, ceadaíonn sé go dtabharfaí tuilleadh éifeachta do shaincheisteanna áirithe sa dlí náisiúnta. In Éirinn, tugadh isteach an dlí náisiúnta, i measc nithe eile, a thug tuilleadh éifeachta don RGCS, an 24 Bealtaine 2018 agus tugtar an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 air.

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir fhorálacha an RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018. Sa chomhthéacs seo, déileálfaidh an Roinn le gach faisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú in aighneachtaí mar chuid den phróiseas

comhairliúchán poiblí seo leis na caighdeáin slándála is airde de réir ár gceanglas comhlíonta maidir le cosaint sonraí.

Ar deireadh, ba mhaith linn d'aird a tharraingt ar Fhógra Príobháideachais na Roinne um [Chosaint Sonraí](#) atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus míníonn sé conas agus cén uair a bhailimid sonraí pearsanta, cén fáth a ndéanaimid amhlaidh agus conas a chaithimid leis an bhfaisnéis sin. Mínítear ann freisin do chearta maidir le bailiú do chuid faisnéis phearsanta agus conas is féidir leat do chearta a fheidhmiú faoi dhlíthe cosanta sonraí.